Deireadh Fomhair 2025



*Maidir le: Faisnéis Leantach faoin bhFeirm Ghaoithe atá Beartaithe ag an Moing Mhór*

A Chónaitheoir, a Chara,

Chuamar i dteagmháil leis an bpobal i Meitheamh 2023 ar dtús chun a chur in iúl daoibh go raibh Renewables Ireland Limited (RWE) ag fiosrú na bhféidearthachtaí maidir le feirm ghaoithe a fhorbairt i mbailte fearainn na Moinge Móire agus Dhumha Locha, Co. Mhaigh Eo.

D'fhéadfadh an fheirm ghaoithe atá beartaithe ag an Moing Mhór cabhrú le hÉirinn a spriocanna faoi phlean gníomhaíochta aeráide 2024 (CAP24) a chomhlíonadh agus fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint. D'fhágfadh sé sin go ndéanfaí na mílte tonna de dhé-ocsaíd charbóin a dhíláithriú thar a saolré agus go mbeadh fuinnimh níos saoire agus slándáil fuinnimh níos fearr ann mar thoradh uirthi. Cé go mbeidh ról ag an ngaoth amach ón gcósta amach anseo, beidh an ghaoth ar an gcladach fós ríthábhachtach leis an margadh leictreachais in Éirinn a dhícharbónú.

Má fhaightear cead pleanála don fheirm ghaoithe atá beartaithe, déanfaidh an fhorbairt a cion féin le fás eacnamaíoch inbhuanaithe a spreagadh sa cheantar, rud a chruthóidh thart ar 250 post agus í á tógáil agus thart ar 30 post fadtéarmach agus an fheirm á feidhmiú agus á cothabháil (Cumann Fuinnimh Gaoithe na hEorpa). Íocfar Ciste Sochair Phobail níos mó ná €520,000 go bliantúil, chomh maith le rátaí bliantúla suas le €1.5 milliún, a íocfar le Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá éifeachtaí an athraithe aeráide soiléir. De réir thuarascáil Staid Aeráide na hEorpa, 2024 (ESOTC 2024), (a fuair thart ar 100 aighneacht eolaíochta), is í an Eoraip an mhór-roinn is tapúla atá ag dul i dteocht. Bhí an bhliain 2024 ar an mbliain ba theo de réir na dtaifead – is minic a bhí drochstoirmeacha agus tuilte ann agus cailleadh 335 duine ar a laghad.

Tá Foireann Forbartha RWE ag obair i gcónaí le dul trí na staidéir comhshaoil agus innealtóireachta go léir. Is éard atá á mholadh againn anois ná feirm ghaoithe 13 thuirbín, gach ceann acu suas le 180m ar airde (síos ó 200m roimhe seo). Tá Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) fós á cur i dtoll a chéile againn, ach creidimid nach dtiocfaidh athrú suntasach ar na suíomhanna atá léirithe ar an léarscáil faoi iamh idir seo agus an tráth a ndéanfaimid an t-iarratas ar chead pleanála amach sa bhliain.

Féach faoi iamh léarscáil ar a bhfuil na suíomhanna le haghaidh na dtuirbíní marcáilte. Beimid ag dul ó dhoras go doras ag tús na seachtaine seo chugainn chun an fheirm ghaoithe atá beartaithe a phlé go díreach le cónaitheoirí. Mura mbeidh tú ar fáil nuair a thabharfaimid cuairt ort, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn chun coinne a shocrú. Déan teagmháil liom ar mo **ghuthán póca 087 151 9219**, ag an oifig ar**056 771 5782** nó tríd an ríomhphost ag muingmore@rwe.com, nó tríd an bpost ag Tionscadal Feirme Gaoithe na Moinge Móire, Aonad 5, Teach Mhic Dháith, An tSráid Nua Íochtarach, Cill Chainnigh, R95 H488. Tá an láithreán gréasáin le fáil ag https://ie.rwe.com/projects-and-locations/onshore-wind-farm-muingmore/

Ar ndóigh, beimid ar ais i dteagmháil leis an bpobal agus muid ag déanamh dul chun cinn trí gach céim forbartha. Sula gcuirfear an tionscadal beartaithe isteach chuig an mBord Pleanála, tá súil againn clinicí buail isteach a eagrú amach sa bhliain chun dul tríd an tionscadal ina iomláine. Coinneoimid cónaitheoirí ar an eolas agus tabharfaimid fógra faoi na clinicí buail isteach sin. Cuirfimid in iúl daoibh freisin nuair atá sé i gceist againn an t-iarratas ar chead pleanála le haghaidh na feirme gaoithe atá beartaithe a chur isteach. Beimid ar fáil i gcónaí chun bualadh leat.

Le gach dea-mhéin,

*Kieran*

**Kieran O'Byrne**
**Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara / Cumarsáid - Ar an gCladach**
**RWE Renewables Ireland Ltd.**


RWE Renewables Ireland Limited
Aonad 5 · Teach Mhic Dháith · An tSráid Nua Íochtarach · Co. Chill Chainnigh · Éire
***Oifig Chláraithe:*** *RWE Renewables Ireland Limited · Aonad 5 · Teach Mhic Dháith · An tSráid Nua Íochtarach · Cill Chainnigh · Éire*
Cláraithe in Éirinn, Uimh. Chláraithe 589120
***Stiúrthóirí:*** *Peter Lefroy · Cliona O'Sullivan · George Tottenham · Alex Murkin (British))*

RWE



October 2025

***Ref: Follow up Information on the Proposed Muingmore Wind Farm***

Dear Resident,

We initially reached out to the community in June 2023 to inform you that RWE Renewables Ireland Limited (RWE) was investigating the possible development of a wind farm in the townlands of Muingmore and Doolough, Co Mayo.

The proposed Muingmore Wind Farm could help Ireland meet its Climate Action Plan 2024 (CAP24) targets and generate renewable energy, displace thousands of tonnes of carbon dioxide over its lifetime and lead to cheaper electricity and energy security. While offshore wind will play a role in the future, onshore wind is still fundamental to the decarbonisation of the electricity market in Ireland.

If planning is secured for the proposed wind farm, the development will aid sustainable economic growth in the area bringing approximately 250 jobs during the construction phase and around 30 long term jobs during operations and maintenance (European Wind Energy Association). A Community Benefit Fund of over €520,000 will be paid yearly, in addition to annual rates paid to Mayo County Council of up to €1.5million.

The impacts of climate change are evident. According to the European State of the Climate 2024 (ESOTC 2024) report, (involving around 100 scientific contributors) Europe is the fastest-warming continent, with 2024 being the warmest year on record for Europe with storms often severe, and flooding widespread, claiming at least 335 lives.

The RWE Development Team is continuing to work through the ongoing environmental and engineering studies. We are now proposing a wind farm of 13 turbines, each up to 180m in height (reduced from 200m previously). We are still developing the Environmental Impact Assessment Report (EIAR) but we believe that the proposed locations as per the enclosed map will not change significantly between now and when we apply for planning permission, by the end of this year.

Please find a map attached with the proposed turbine locations marked. We will be going door to door early next week to discuss the proposed wind farm directly with residents. If you are not available at the time we call, please feel free to get in touch to make an appointment with us. Contact me on my **mobile 087 151 9219** or the office at **056 771 5782** or by email at muingmore@rwe.com, or by post at Muingmore Wind Farm Project, RWE Renewables Ireland Limited, Unit 5 Desart House, Lower New Street, Kilkenny, R95 H488. The website is at https://ie.rwe.com/projects-and-locations/onshore-wind-farm-muingmore/

We will of course be back to the community as we progress through each stage of development. Prior to submitting the proposed project into planning, we hope to organise a drop-in clinic later this year to go through the project in its entirety. We will inform residents about these outreaches and the drop-in clinics, including advising when we intend to apply for planning permission for the proposed wind farm. We will also be available to meet with you.

Kind regards,

Kieran

**Kieran O'Byrne**
**Stakeholder Engagement / Communications – Onshore**
**RWE Renewables Ireland Ltd.**

**RWE Renewables Ireland Limited**
Unit 5 • Desart House • Lower New Street • Co. Kilkenny • Ireland
**Registered Office:** RWE Renewables Ireland Limited • Unit 5 • Desart House • Lower New Street • Kilkenny • Ireland
Registered in Ireland no. 589120
**Directors:** Peter Lefroy · Cliona O'Sullivan · George Tottenham · Alex Murkin (British)